Coláiste Phádraig

Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

COLÁISTE DE CHUID OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Fáilteofar roimh iarratais ar na poist seo a leanas:

Léachtóir/Léachtóir Cúnta i Roinn na Gaeilge (post ar chonradh dhá bhliain nó ar iasacht)

Níor mhór cáilíochtaí acadúla den scoth sa Nua-Ghaeilge (bheadh Dochtúireacht inmhianaithe), taithí agus ardchumas teagaisc ar an tríú leibhéal, agus próifíl taighde agus foilsitheoireachta i sainréimse nó sainréimsí de chuid Léann na Nua-Ghaeilge a bheith ag iarratasóirí. Beidh ar an duine a cheapfar cúrsaí léachta agus seimineáir theanga a mhúineadh ag leibhéal fochéime agus iarchéime, a bheith rannpháirteach san obair forbartha ar chúrsaí agus ar acmhainní teanga atá ar bun ar bhonn Roinne, chomh maith le páirt a ghlacadh in obair riaracháin na Roinne agus in imeachtaí agus i seirbhísí oideachasúla an Choláiste i gcoitinne. Ba bhuntáiste breise cáilíocht sa teangeolaíocht fheidhmeach agus/nó taithí teagaisc ar chúrsaí do dhaoine fásta a bheith ag iarratasóirí.

Scála Tuarastail:
Léachtóir Cúnta: €48,225 – €80,599
Léachtóir: €52,112 – €85,530

Léachtóir Cúnta i Roinn na Gaeilge (post ar chonradh deich mí)

Níor mhór cáilíochtaí den scoth sa Nua-Ghaeilge (bheadh Dochtúireacht inmhianaithe), agus taithí agus ardchumas teagaisc ar an tríú leibhéal a bheith ag iarratasóirí. Beidh ar an duine a cheapfar cúrsaí léachta agus seimineáir theanga a mhúineadh ag leibhéal fochéime agus iarchéime, a bheith rannpháirteach san obair forbartha ar chúrsaí agus ar acmhainní teanga atá ar bun ar bhonn Roinne, agus páirt a ghlacadh i gcúrsaí acadúla agus in imeachtaí oideachasúla na Roinne agus an Choláiste i gcoitinne. Ba bhuntáiste cáilíocht sa teangeolaíocht fheidhmeach agus/nó taithí teagaisc ar chúrsaí do dhaoine fásta a bheith ag iarratasóirí.

Tuarastal: €40,187.50
(nó €4,018.75 in aghaidh na míosa)

Tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar: **www.spd.dcu.ie/vacancies**

nó trí theagmháil a dhéanamh le

Mary Donnelly, Bainisteoir Acmhainní Daonna, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9
Teil: 01-8842023; Ríomhphost: mary.donnelly@spd.dcu.ie

a bhfuil foirmeacha iarratais comhlánaithe le seoladh chuici:
faoi 12.00 meán lae Dé hAoine, 16 Bealtaine 2008

Fostóir comhionannais is ea Coláiste Phádraig

St Patrick's College,
Drumcondra, Dublin 9.
A COLLEGE OF DUBLIN CITY UNIVERSITY

DCU